Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gaeilgeoirí an Lae Amárach

T2 2023/2024

Seisiún 2

CC BY NC

# Intinní Foghlama

Táimid ag foghlaim conas an t-idirghníomhú cainte a chothú:

- trí thuiscint níos doimhne a fhorbairt ar luach na ngnéithe suntasacha agus na dtorthaí foghlama
- **trí dheiseanna úsáide teanga a chruthú agus a chur chun cinn**
- trí sheánra na drámaíochta mar shlí fhéideartha d'fhorbairt na scile teanga

# Deiseanna chun Idirghníomhú Cainte a chur chun cinn

*Trí bheith páirteach i gcumarsáid idirghníomhach forbróidh an scoláire bunchlocha na hidirghníomhaíochta cainte; scileanna éisteachta agus labhartha.*

(An Roinn Oideachais, 2023, Sonraíocht Ghaeilge T2, lch.10)

# Genial.ly

Is feidhmchlár idirghníomhach é Genial.ly.

Cuireann sé le beocht, tarraingteacht agus deiseanna idirghníomhaithe an chuir i láthair.

Féidearachtaí eile:

- punanna
- íomhánna idirghníomhacha,
- tráth na gceist
- cluichí

# Spotsolas ar an Scoláire

Cad is Spotsolas ar an Scoláire?



Glacann scoláire amháin/grúpa de scoláirí ról charachtair áirithe agus cuireann grúpa de scoláirí ceisteanna ar an té sin.

# Straitéisí d'Idirghníomhú Cainte

Oide





**Céim 1**: Obair bheirte ar dtús (10n)


- Déan machnamh ar an straitéis atá á cíoradh agat ar Genial.ly.
- Conas a d'fhéadfá an straitéis seo a chur i bhfeidhm i do sheomra ranga féin chun an t-idirghníomhú cainte a chothú?

**Céim 2:** Obair ghrúpa (15n)


- Roinnigí bhur léargais leis an ngrúpa.


# Próiseas an tSealbhaithe Teanga agus Comhtháthú na gCúig Scil



# Formáidí Féideartha



**Formáid an phíosa cainte**

Tá rogha ag an scoláire maidir le formáid a phíosa cainte i gcuid 1 den Mheasúnú Rangbhunaithe seo, mar a léirítear i dTábla 2.

| Formáid fhéideartha do chuid 1 | Cur síos ar a bhfuil i gceist leis an bhformáid |
|---|---|
| Taibhiú | Roghnaíonn an scoláire a phíosa gairid féin a chumadh – dán, amhrán, píosa drámaíochta nó scéal – ag glacadh ionspioráide óna smaointe/óna mhothúcháin féin. Déanann sé taibhiú air, mar phíosa siamsaíochta. |
| Cur i láthair | Roghnaíonn an scoláire ábhar/topaic a bhfuil spéis aige féin ann/inti agus déanann sé cur i láthair faoi/fúithi ag úsáid a rogha meáin agus/nó prapaí. |
| Freagairt phearsanta ar spreagthach | Roghnaíonn an scoláire spreagthach .i. íomhá, prapaí, siombail, téacs scríofa/ téacs éisteachta nó píosa físe gairid, a spreagann é chun dul i mbun cainte faoi. Is féidir, más mian leis, téacs litríochta, a ndearna sé staidéar air sa dara/ tríú bliain, a úsáid mar spreagthach nó túsphointe dá chuid cainte. I gcás go n-úsáidfear téacs litríochta mar spreagthach, is gá gur freagairt phearsanta an scoláire féin ar an téacs atá i gceist. |
| Ról-imirt | Roghnaíonn an scoláire tabhairt faoi chás ról-imeartha ina bhfuil sé ag 'aisteoireacht' mar é féin NÓ socraíonn sé ról duine eile a ghlacadh (m. sh. agallóir teilifíse, réalta spóirt, réalta ceoil, carachtar as téacs, carachtar a shamhlaíonn sé féin, agus araile) i suíomh féideartha a shamhlaíonn sé. |
| Tras-fhormáid | Meascán de chúpla formáid faoi mar a fheileann d'aidhmeanna an scoláire (ach gur caint bheo atá ann) |

Is féidir le scoláirí tabhairt faoi phíosa cainte mar ghrúpa beirte nó triúir i bhformáid ar bith acu seo thuas. Tá comhairle bhreise faoi obair ghrúpa ar fáil san ábhar tacaíochta atá ag gabháil leis na Treoirlínte seo: www.curriculumonline.ie

(CNCM, 2023, Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, lch 22)

# Ag idirghníomhú trí Ghaeilge

**Céim a haon:**

- Grúpaí baile
- Dáiltear uimhreacha 1-4


**Céim a dó: 12 nóim**

- Grúpaí saineolaithe
- Ceisteanna á bplé
- Léargais á roinnt

**Céim a trí:**


- Grúpaí baile
- Foghlaim óna chéile

| Ball | Formáid | Lch sa leabhrán |
|---|---|---|
| 1 | Taibhiú | Lch.17 |
| 2 | Cur i láthair | Lch.18 |
| 3 | Freagairt phearsanta | Lch.19 |
| 4 | Ról-imirt | Lch. 20 |






Lch 15-20



# An Trasfhormáid

Oide

| | |
|---|---|
| Tras-fhormáid | Cur síos ar a bhfuil i gceist leis an bhformáid: Meascán de chúpla formáid faoi mar a fheileann d'aidhmeanna an scoláire (ach gur caint bheo atá ann) |

(CNCM (2023). Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe T2, lch 22)

Ceisteanna le plé:

1. Cad atá i gceist le 'Tras-fhormáid'?
2. Cén tionchar a bheidh ag an bhformáid fhéideartha seo ar mo chuid pleanála?
3. Cén tionchar a bheidh ag an bhformáid fhéideartha seo ar mo chleachtas ranga?

# Ábhair Thacaíochta do MRB2

**An Measúnú Foirmitheach**

**agus**

**MRB 2: Ag Idirghníomhú trí Ghaeilge**


# CROI Machnamh na Roinne

Oide

## Ceann Scríbe

Cad é an ceann scríbe ar mhaith libh a bhaint amach?

## Réaltacht


Oide

Gaeilge
Leabhrán Foghlama Gairmiúla
2023-2024

Lch. 8

Cad í an réaltacht reatha i bhur gcomhthéacs féin?

## Oideolaíocht

Cad iad na hoideolaíochtaí a chabhródh libh?

## Intinn

Cad atá ar intinn agat a dhéanamh chun bhur sprioc a bhaint amach?




Bunaithe ar an múnla GROW (Whitmore, 2010)

CROI

2. CROI Machnamh Comhoibríoch – Roinn na Gaeilge: ag cur le heispéireas idirghníomhaíochta cainte na scoláirí trí straitéisí agus deiseanna úsáide teanga a chruthú agus a chur chun cinn

| | |
|---|---|
| **Ceann Scríbe**<br>Cad é an ceann scríbe ar mhaith libh a bhaint amach? | **Réaltacht**<br>Cad í an réaltacht reatha i bhur gcomhthéacs féin? |
| **Oideolaíocht**<br>Cad iad na hoideolaíochtaí a chabhródh libh? | **Intinn**<br>Cad atá ar intinn agaibh a dhéanamh chun bhur sprioc a bhaint amach? |

# Súil Siar

Oide

Bhíomar ag foghlaim conas an t-idirghníomhú cainte a chothú:

- trí thuiscint níos doimhne a fhorbairt ar luach na ngnéithe suntasacha agus na dtorthaí foghlama
- **trí dheiseanna úsáide teanga a chruthú agus a chur chun cinn.**